



IONSTRAIMÍ REACHTÚLA.

**I.R. Uimh. 180 de 2013**

---

NA RIALACHÁIN UM CHÓRAIS CÓIREÁLA  
DRAMHUISCE TÍ (CLÁRÚ) (LEASÚ), 2013  
*[An tiontú oifigiúil]*

I.R. Uimh.180 de 2013

NA RIALACHÁIN UM CHÓRAIS CÓIREÁLA  
DRAMHUISCE TÍ (CLÁRÚ) (LEASÚ), 2013

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dom le hAilt 18 agus 70B(13) (arna chur isteach le hAlt 4 den Acht um Sheirbhísí Uisce (Leasú), 2012 (Uimh. 2 de 2012)) den Acht um Sheirbhísí Uisce, 2007 (Uimh. 30 de 2007), déanaimse, PILIB Ó hÓGÁIN, Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, leis seo, na Rialacháin seo a leanas:

*Lua*

1. Féadfar na Rialacháin um Chórais Cóireála Dramhuisce Tí (Clárú) (Leasú), 2013 a ghairm de na Rialacháin seo.

*Léiriú*

2. Sna Rialacháin seo, ciallaíonn “Príomh-Rialacháin” na Rialacháin um Chórais Cóireála Dramhuisce Tí (Clárú), 2012 (Uimh. 220 de 2012).

*Leasú ar na Príomh-Rialacháin*

3. Leasaítear na Príomh-Rialacháin tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Rialachán 3:

*Forbairtí nua — córais cóireála dramhuisce tí a chlárú*

3A. (a) I gcás go gcríochnaítear foirgníú nó suiteáil córais cóireála dramhuisce tí tar éis an dáta a fhorordaítear i Rialachán 3, cinnteoidh úinéir an áitribh atá ceangailte leis an gcóras cóireála go ndéanfar an córas cóireála a thaifeadh i gclár na gcóras den sórt sin de chuid an údaráis seirbhísí uisce iomchuí laistigh de 90 lá ón lá ar a gceanglaítear an t-áitreabh leis an gcóras cóireála dramhuisce tí.

(b) Ní bheidh feidhm ag mír (a) más rud é go ndéanfar córas cóireála dramhuisce tí a fhoirgníú nó a shuiteáil chun córas cóireála a athsholáthar, is córas cóireála a taifeadh i gclár na gcóras den sórt sin de chuid an údaráis seirbhísí uisce iomchuí cheana féin.



ARNA THABHAIRT faoi mo Shéala Oifigiúil,  
28 Bealtaine 2013.

PILIB Ó hÓGÁIN

Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

*Foilsíodh fógra san “Iris Oifigiúil” an 31 Bealtaine, 2013 á rá go ndearnadh an Ionstraim Reachtúil seo.*

## NÓTA MÍNIÚCHÁIN

*(Ní cuid den Ionstraim an nóta seo ná ní ceart a mheas gur míniú dlíthiúil uirthi é.)*

Is é is cuspóir do dhéanamh na Rialachán seo socrú a dhéanamh maidir le córais cóireála dramhuisce tí nuafhoirgnithe nó nuashuiteáilte a chlárú.

BAILE ÁTHA CLIATH  
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR  
Le ceannach díreach ó  
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,  
52 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2  
(Teil: 01 - 6476834 nó 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)  
nó trí aon díoltóir leabhar.

---

DUBLIN  
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE  
To be purchased from  
GOVERNMENT PUBLICATIONS,  
52 ST. STEPHEN'S GREEN, DUBLIN 2.  
(Tel: 01 - 6476834 or 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)  
or through any bookseller.

---

€1.27

Wt. (B29859). 285. 5/13. Clondalkin. Gr 30-15.